Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Feabhra 2019**
**(OR. en)**

**6153/19**

**CFSP/PESC 96**
**DEVGEN 23**
**CLIMA 43**
**COPS 31**
**ENV 115**
**ONU 10**
**RELEX 105**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An Taidhleoireacht Aeráide - Conclúidí ón gComhairle (18 Feabhra 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Taidhleoireacht Aeráide, mar a glacadh iad ag an 3673ú cruinniú de chuid na Comhairle ar an 18 Feabhra 2019.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN TAIDHLEOIREACHT AERÁIDE

*Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:*

**A phráinní atá sé an uaillmhian dhomhanda a mhéadú, an t-iltaobhachas a neartú, agus Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach**

1. Is bagairt dhíreach eiseach é an t-athrú aeráide, nach spárálfar tír ar bith uaithi. Tá iarmhairtí millteacha an athraithe aeráide á mbrath i saol an lae inniu cheana, ach fós féin ní leor an ghníomhaíocht atá ar siúil go dtí seo le srian a chur leis. Mar atá ráite ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, agus, mar a dearbhaíodh gan aon agó sa tuarascáil speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir le Téamh Domhanda 1.5°C, ní mór dlús a chur le cúrsaí má táthar le stolladh do-aisiompaithe tubaisteach na haeráide a chosc. Ar mhórchúis phráinne, ós amhlaidh atá, caithfear an fhreagairt dhomhanda ar an mbagairt ón athrú aeráide a neartú i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe agus na n-iarrachtaí chun an bhochtaineacht a dhíothú. Tá an tAontas tiomanta, dá bharr sin, cabhrú leis an uaillmhian dhomhanda a threisiú agus a bheith ar thús cadhnaíochta ó thaobh gníomhaíocht aeráide de agus dlús a chur leis an ngníomhaíocht sin i ngach réimse, agus aithníonn sí na himpleachtaí tromchúiseacha a bhaineann leis an athrú aeráide don tslándáil agus don chobhsaíocht idirnáisiúnta.

2. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomanta atá sé do Chomhaontú Pháras mar an gcreat iltaobhach ríthábhachtach lena rialaítear gníomhaíochtaí domhanda chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tréaslaíonn an Chomhairle a comhdháil rathúil sa Pholainn le hUachtaránacht an 24ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP24), agus is díol sásaimh di toradh dearfach na comhdhála sin, "Leabhar Rialacha Katowice", lena gcuirtear ar chumas Chomhaontú Pháras feidhmiú mar ardán éifeachtach oibríochtúil trédhearcach chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda is práinní dá bhfuil ann, agus lena spreagtar na tíortha ar fad chun dul chun cinn agus an uaillmhian dhomhanda a threisiú maidir leis an aeráid. Tá an tAontas faoi réir a RCN a chur in iúl nó a uasdátú faoi 2020, mar a comhaontaíodh i bPáras, agus na hiarrachtaí breise a bhfuil gá leo agus na gníomhaíochtaí atá déanta ag na Comhpháirtithe uile á gcur san áireamh.

3. Tá an tAontas ag treorú tríd an dea-shampla, mar shampla trína ghealltanais uaillmhianacha féin don bhliain 2030 a iompú ina ngníomhaíocht nithiúil agus ina reachtaíocht. Ag aithint dó an gá atá le huaillmhian fheabhsaithe dhomhanda, tá tús curtha ag an Aontas leis an bhfís atá aige a leagan amach i dtaca leis an aistriú fadtéarmach go todhchaí a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de. Is é an dúshlán atá romhainn an sprioc seo a bhaint amach, agus ag an am céanna aistriú cothrom a áirithiú do chách, gan aon duine a fhágáil ar leataobh.

4. Áitíonn an Chomhairle ar na tíortha uile páirt a ghlacadh i dtreisiú seo na huaillmhéine domhanda, faoi stiúir thorthaí na tuarascála is déanaí ó IPCC agus ón idirphlé Talanoa, lena léirítear tiomantas comhchoiteann athnuaite i ndáil le spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach, go háirithe chun an téamh domhanda a shrianadh go mór faoi bhun 2 °C, agus leanúint de na hiarrachtaí chun an méadú teochta a theorannú do 1.5°C.

5. Baineann an aeráid leis an uile dhuine againn: stáit, eagraíochtaí, an earnáil phríobháideach, saoránaigh agus gach páirtí leasmhar, agus tá ról le himirt ag cách. Ba cheart go mbainfí an ghníomhaíocht chomhbheartaithe chlaochlaitheach le leibhéil éagsúla rialachais, agus ba cheart ról ríthábhachtach a bheith ag gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad agus ag rialtais áitiúla agus réigiúnacha chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun réitigh uaillmhianacha a chur chun feidhme ar an bhfód. Ar an gcuma chéanna, agus muid ag aistriú chuig geilleagair íseal-astaíochta aeráidseasmhacha, beidh ról ríthábhachtach ag an slógadh maoinithe agus an an athdhíriú maoinithe ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear rannpháirtithe nua a aimsiú.

**An aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil**

6. Síleann an Chomhairle gur measaide go mór na bagairtí an t-athrú aeráide, agus gur bagairt mhór í í féin anois, níos mó ná riamh, agus impleachtaí tromchúiseacha ag dul léi don tsíocháin agus don tslándáil ar fud an domhain. Aithníonn an Chomhairle gurb iad na daoine is boichte, is leochailí agus is soghonta is mó a ngoileann an t-athrú aeráide orthu agus is iad is lú a bhíonn in ann iad féin a chosaint air nó a oiriúint dó. De bhreis ar an maolú agus ar an oiriúnú, is colúin bhunúsacha de bhainistiú riosca an athraithe aeráide iad forbairt na hathléimneachta, an tslándáil bia agus cothaithe, laghdú rioscaí tubaistí, cosc coinbhleachtaí agus an fhorbairt inbhuanaithe, go háirithe bainistiú inbhuanaithe ó thaobh an éilimh de agus bainistiú agus úsáid acmhainní nádúrtha agus réiteach dúlra-bhunaithe. Tá sé ríthábhachtach gné slándála a chomhtháthú sna próisis sin uile, agus rannpháirtíocht chuimsitheach á háirithiú san am céanna, d'fhonn éifeachtaí díchobhsaitheacha an athraithe aeráide agus an tionchar diúltach atá aige ar chomhlíonadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a mhaolú.

7. Is cúis mhór imní don Chomhairle an meath atá ag teacht ar an mbithéagsúlacht dhomhanda, ar acmhainní uisce agus ar éiceachórais an domhain agus an méadú atá ar bhagairtí ó dhíghrádú talún, ó ghanntanas uisce agus ó rioscaí a bhaineann le huisce agus ó tharluithe olltubaisteacha uisce. Is cúis imní toradh an taighde a rinne an Chomhairle Artach, .i. go bhfuil teocht an Artaigh ag ardú ar ráta atá breis agus dhá uair níos tapa ná an meánráta domhanda, ardú a mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha domhanda aige. Meabhraíonn an Chomhairle gurb é a tiomantas a tacaíocht a neartú chun comhshaol an Artaigh a chosaint, lena n-áirítear trí thruailleáin aeir a laghdú, go háirithe an carbón dubh. Tacaíonn an Chomhairle le hiarrachtaí cuimsitheacha comhbheartaithe idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an athraithe aeráide a bhaineann le huisce, i gcomhréir leis na conclúidí uaithi maidir leis an Taidhleoireacht Uisce i mí na Samhna 2018. Molann an Chomhairle go ngníomhófaí ar son na haeráide i bhfabhar na n-aigéan, lena n-áirítear trí réitigh dhúlra-bhunaithe chósta agus mhuirí, faoi chuimsiú na straitéisí fadtéarmacha ábhartha maidir le hastaíochtaí ísle. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá comhar trasteorann idir na Ballstáit agus tíortha comhpháirtíochta, go háirithe maidir le hiarmhairtí trasteorann ar an gcomhshaol a mheas agus i dtaca le measúnuithe sábháilteachta, lena n-áirítear sábháilteacht núicléach.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle an Imeacht Ardleibhéil a thionóil an tArdionadaí/ Leas-Uachtarán an Choimisiúin ar an 22 Meitheamh 2018 inar leagadh béim ar a phráinní agus a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide don tslándáil agus don tsíocháin. Dhearbhaigh na rannpháirtithe na bagairtí iomadúla slándála de bharr an athraithe aeráide, idir iarbhír agus bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann, agus dhírigh sí aird ar an bhfreagracht chomhchoiteann i ndáil leis na hiarmhairtí sin a thuar, i ndáil lena bheith ullamh dóibh agus lena maolú. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle dá ndéanfaí tuilleadh imeachtaí dá samhail, lena dtógfaí ar thionscnaimh atá ann cheana amhail an Tionscnamh Slándála Pláinéadaí agus Cruinniú Mullaigh Bhúdaipeist 2019 maidir leis an Uisce.

9. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear san áireamh le huirlisí chun coinbhleachtaí a chosc, amhail Córas Luathrabhaidh Coinbhleachta an Aontais, na dúshláin slándála a bhaineann le hiarmhairtí an athraithe aeráide agus tosca riosca comhshaoil agus go ndéanfaí an nasc a neartú idir réimsí beartais an luathrabhaidh agus na luathghníomhaíochta, lena n-áirítear measúnuithe riosca tionchair agus straitéisí sa réimse sin. Iarrann an Chomhairle freisin ar ghníomhaithe slándála agus cosanta an Aontais feasacht a mhúscailt faoi na rioscaí slándála a bhaineann leis an athrú aeráide.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle gur cuireadh níos mó béime ar impleachtaí slándála an athraithe aeráide i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear trí na díospóireachtaí tiomnaithe a tionóladh, ar an 11 Iúil 2018 agus ar an 25 Eanáir 2019, faoi Uachtaránacht na Sualainne agus Uachtaránacht na Poblachta Doiminicí faoi seach. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna a rinneadh chun an obair ar fud struchtúir na Náisiún Aontaithe a neartú, trí shásra tosaigh tiomnaithe chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí slándála a bhaineann leis an aeráid. Molann an Chomhairle do CSNA agus do chóras na Náisiún Aontaithe i gcónaí bunús cuimsitheach faisnéise i dtaca le rioscaí slándála a bhaineann leis an aeráid a chruthú do CSNA, d'fhonn tosca riosca aeráide agus comhshaoil, idir ghearrthéarmach agus fhadtéarmach, a chomhtháthú go hiomlán i measúnú agus bainistiú na mbagairtí ar an tsíocháin agus ar an tslándáil, ar leibhéal na tíre, ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta, agus gaisneas a bhaint as saineolas chóras uile na Náisiún Aontaithe d'fhonn teacht ar fhreagairtí oibríochtúla ar na rioscaí sin agus misin na Náisiún Aontaithe a neartú ar an bhfód, trí na sásraí luathrabhaidh atá ann cheana a threisiú, mar shampla.

**2019 mar bhliain chinniúnach don ghníomhú ar son na haeráide, agus don fhorbairt inbhuanaithe, ar leibhéal na Náisiún Aontaithe**

11. Ní mór do na comhpháirtithe uile tuilleadh gníomhaíochta fiúntaí a dhéanamh mar ábhar práinne. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an tsraith imeachtaí ardleibhéil a bheidh ann in 2019 chun tacú leis na gealltanais maidir le gníomhú mear uaillmhianach domhanda ar son na haeráide. Is deis shárluachmhar é Fóram Polaitiúil Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe i mí Iúil 2019 chun na sineirgí a chur i dtreis idir gníomhú ar son na haeráide agus cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, mar a léirítear freisin sa Tuarascáil Speisialta maidir le 1.5°C ó IPCC, go háirithe na naisc idir sprioc 13 agus sprioc 16 agus chun cur chun feidhme na spriocanna sin a shaothrú. Iarrann an tAontas freisin ar na comhpháirtithe uile páirt a ghlacadh agus rannchuidiú substaintiúil dearfach a dhéanamh le Cruinniú Mullaigh Aeráide Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe 'Rás is féidir linn a bhaint. Rás nach mór dúinn a bhaint', i mí Mheán Fómhair 2019 - agus leis an gCruinniú Mullaigh faoi na spriocanna forbartha inbhuanaithe a thionólfar freisin ag tús an 74ú seisiún de Chomhthionóil na Náisiún Aontaithe. Measann an tAontas gur deis ríthábhachtach é Cruinniú Mullaigh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an Aeráid chun toil pholaitiúil a shlógadh chun an uaillmhian dhomhanda a threisiú maidir le spriocanna Chomhaontú Pháras agus chun go léireodh rialtais agus gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad gníomhaíocht chlaochlaitheach.

12. Ní mór don ghníomhú ar son na haeráide agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, do Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa agus do Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí treisiú ar a chéile. Tá an tAontas ag tnúth le 2019 mar bhliain ina mbrúfar tuilleadh cóineasaithe chun cinn – ar an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal iltaobhach araon – idir na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus na cláir oibre maidir leis an athrú aeráide. Iarrann an tAontas ar na comhpháirtithe uile tacú le hobair Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe chun na rianta sin a thabhairt níos dlúithe le chéile. Leanfaidh an tAontas de chearta an duine, an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chaomhnú, a chur chun cinn agus a chosaint, i gcomhthéacs an ghníomhaithe ar son na haeráide.

13. Is é tiomantas an tAontas i gcónaí an rannchuidiú aeráide ó phróisis iltaobhacha ábhartha eile a uasmhéadú, go háirithe trí iarraidh ar an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) Scéim éifeachtach Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) a chur chun feidhme go pras, agus a sláine comhshaoil á háirithiú ag an am céanna, agus teacht ar chomhaontú faoi sprioc fhadtéarmach ag an gcéad chomhthionóil eile a bheidh aici. Iarrann an tAontas ar an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a straitéis tosaigh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chur chun feidhme, i gcomhréir le spriocanna teochta Chomhaontú Pháras. Is díol sásaimh don Aontas teacht i bhfeidhm Leasú Kigali ar Phrótacal Montréal ar an 1 Eanáir 2019, lena gcuirtear le spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach, agus iarrann sé ar na páirtithe eile i bPrótacal Montréal an leasú sin a dhaingniú a luaithe is féidir.

**Rás is féidir linn uile a bhaint: Straitéis Fhadtéarmach an Aontais**

14. Maidir leis an téamh domhanda a shrianadh go mór faoi bhun 2°C, agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú do 1.5°C, aithníonn an Chomhairle go mbeidh gá le claochlú pras forleathan a dhéanamh ar an tsochaí, le cosaint an chomhshaoil agus le haistriú eacnamaíoch sa scór éigean bliain amach romhainn. Cuirfidh an tAontas straitéis fhadtéarmach uaillmhianach faoi bhráid UNFCCC faoi 2020 lena saothrófar i dtreo neodracht aeráide i gcomhréir le forálacha Chomhaontú Pháras, agus iarrann sé ar na páirtithe uile sa Chomhaontú a straitéisí fadtéarmacha a thíolacadh go tráthúil.

15. Leanfaidh an tAontas de bheith ag oibriú lena chomhpháirtithe agus de thaithí agus dea-chleachtas a chomhroinnt leo agus é ag cur dlús le cur chun feidhme éifeachtach uaillmhianach beartais agus le pleanáil fhorásach. Cuireann an tAontas i dtreis gur gá do gheilleagair G20 go háirithe, arb iad is cúis le 80% de na hastaíochtaí domhanda, ceannaireacht a léiriú agus straitéisí fadtéarmacha uaillmhianacha a leagan amach faoi 2020 i gcomhréir le spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide. Is cuid thábhachtach den chomhar le tríú tíortha an gníomhú ar son na haeráide cheana agus méadóidh an tAontas an t-idirphlé polaitiúil agus an taidhleoireacht aeráide agus fuinnimh atá ar bun aige chun go ndíreofar ar ghníomhaíocht agus chun go spreagfar a chomhpháirtithe straitéiseacha chun dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach aeráidseasmhach a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de.

16. Maidir leis an aistriú riachtanach domhanda ó bhreoslaí iontaise, tugann an Chomhairle dá haire go mbeidh gá le hathrú suntasach ar an gcothromaíocht gheopholaitiúil, agus go bhféadfadh impleachtaí a bheith ansin don Aontas ó thaobh beartas eachtrach agus slándála de, mar a leagadh amach le déanaí ag an gCoimisiún Domhanda maidir le Claochlú na Geopholaitíochta agus an Fhuinnimh. Is díol sásaimh don Chomhairle mar sin an fhís straitéiseach fhadtéarmach ón gCoimisiún do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch, neodrach ó thaobh na haeráide de - '*A Clean Planet for All*' [Plainéad Glan do Chách]. Cuireann an Chomhairle i bhfios an gá atá leis an bplé a dhíriú ar bhealaí difriúla chun an neodracht aeráide a bhaint amach i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé táscairí atá bunaithe ar eolaíocht agus ar fhianaise a mheas go grinn, agus aistriú cothrom a áirithiú ag an am céanna trí dhálaí sonracha socheacnamaíocha a thabhairt ar aird go cuí, trí infheistiú a dhéanamh i réitigh teicneolaíochta nuálacha, trí shaoránaigh agus gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad a chumasú agus tríd an ngníomhaíocht sna príomhréimsí a ailíniú, réimsí amhail beartas fuinnimh agus tionsclaíoch, beartas talmhaíochta, taighde, agus beartas airgeadais. Maidir le praghsáil carbóin agus athchóiriú ar an bhfóirdheontas do bhreoslaí iontaise, meabhraíonn an Chomhairle gurb iad sin na príomhchéimeanna chun an timpeallacht a chruthú ina mbeifear in ann sreafaí airgeadais a úsáid go comhsheasmhach d'fhonn leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt aeráidseasmhach a bhaint amach.

**Tuilleadh feabhais a chur ar chomhar agus tacaíocht idirnáisiúnta an Aontais maidir leis an aeráid**

17. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit a áirithiú go dtabharfaidh gníomhú an Aontais ar son na haeráide aghaidh ar raon iomlán na ndúshlán agus na n-iarmhairtí. Is gá an gníomhú ar son na haeráide a chuimsiú san idirphlé polaitiúil ar gach leibhéal agus i bpleananna gníomhaíochta comhpháirteacha. Moltar don Ardionadaí agus don Choimisiún aird chuí a bheith acu ar an ngníomhú ar son na haeráide sa chlársceidealú airgeadais agus sa chomhar teicniúil le tíortha comhpháirtíochta amach anseo, lena n-áirítear faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

18. Is é tiomantas an Aontais gona Bhallstáit i gcónaí leanúint de chur leis an maoiniú idirnáisiúnta a shlógfar don troid i gcoinne an athraithe aeráide, mar chuid de sprioc chomhpháirteach na dtíortha forbartha USD 100 billiún a shlógadh, ar bhonn comhpháirteach, in aghaidh na bliana idir 2020 agus 2025, don mhaolú agus don oiriúnú, ar maoiniú é a thiocfaidh ó raon leathan foinsí, trí ionstraimí éagsúla agus trí bhealaí éagsúla, idir phoiblí agus phríobháideacha. Tá siad tiomanta do chuspóir Chomhaontú Pháras go mbeidh sreafaí airgeadais á n-úsáid go comhsheasmhach d'fhonn leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt aeráidseasmhach a bhaint amach i gcomhthéacs Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin: fás inbhuanaithe a mhaoiniú. Leanfaidh an tAontas dá iarrachtaí ar bhonn idirnáisiúnta chun slógadh airgeadais comhchosúil ó chomhpháirtíochtaí agus tíortha eile a áirithiú.

19. Aithníonn an tAontas gona Bhallstáit a thábhachtaí atá bearta agus gníomhaíochtaí chun iarmhairtí an athraithe aeráide a leasú, lena n-áirítear an athléimneacht a neartú agus an leochaileacht a laghdú. Thairis sin, cuireann sé i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann leis an gcomhar leis na tíortha comhpháirtíochta ar fad maidir le hoiriúnú, go háirithe sna tíortha is lú forbairt agus sna stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha (SIDS) atá fíorleochaileach d'iarmhairtí an athraithe aeráide.